

Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim do 2019

Tá an doiciméad seo mar thaca do Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim do 2017–2019 agus leagtar amach ann na hEochairthosaíochtaí Corparáideacha do 2019. Aistreofar na tosaíochtaí seo isteach ina spriocanna inghnóthaithe do phleananna gnó na Rannóg.

Réamhrá

Is éard atá i dTosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim do 2019 ná cuspóirí straitéiseacha ardleibhéil na heagraíochta don bhliain 2019. Tá siad ina mbonn eolais agus ina dtreoir d'fhorbairt pleananna gnó cuimsitheacha ag leibhéal na Rannóg agus leagtar amach iontu na gníomhartha, na príomhfhreagrachtaí agus na hamlínte i gcaitheamh na bliana chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí seo.

Beidh an timpeallacht sheachtrach (An Breatimeacht, forbairt samhlacha nua gnó, cuntasacht agus athchóiriú) i gcónaí ina dúshlán dúinn. Tá iompar an cháinócóra mar thiománaí dár ngníomhartha. Tacóimid le cáinócóirí le bheith comhlíontach go saorálach. Rachaimid i ngleic le gach ceann de na rioscaí neamhchomhlíontachta le díograis agus treoir. Cuirfimid lenár bhfreagra, nuair a theastaíonn sé, chun aghaidh a thabhairt ar sheachaint agus neamhchomhlíontacht dhian. In 2019, tógfaimid ar an obair iontach a rinneadh in 2018 i ndáil le hathlíniú ár gcuid struchtúr agus leis an ullmhú don Nua-Aoisíú ÍMAT.

I gcomhthéacs na bhforbairtí cánach idirnáisiúnta agus an Bhreatimeachta, tá méadú ag teacht ar thábhacht ár n-ionchuir ag leibhéal náisiúnta ó thaobh fhorbairt an chreata polasaí do riar cánach agus custam. Cuirfimid barr feabhais ar ár ról chun tacú le forbairt córais cánach ina gcuirtear cosc ar neamhchomhlíontacht agus ina gcuirtear leibhéal ard comhlíontachta chun cinn.

I bhfianaise an mhargaidh iomaíoch saothair agus an ráta athraithe foirne isteach agus amach as na Coimisinéirí Ioncaim, tá sé ríthábhachtach dár rath in 2019 go gcinnteoidimid go bhfuil na hacmhainní cuí ag an eagraíocht agus go bhfuil ár mbaill foirne fostaithe agus ullmhaithe chun a bpost a dhéanamh. Tá luachanna Chairt Rannpháirtíochta Fostaithe na gCoimisinéirí Ioncaim mar thaca dár gcumas chun gnóthú agus feidhmiú ag leibhéal ard agus chun bheith mar an rogha fostóra.

Niall Cody
Cathaoirleach

Gerry Harrahill
Coimisinéir

Michael Gladney
Coimisinéir

Tosaíochtaí Corparáideacha 2019	Gníomhartha
<p>Bailiú Cánach agus Dleachta Cánacha agus dleachtanna a bhailiú agus aistriú chuig an Státchiste a bhainistiú agus an Stát a mhaoiniú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Bailiú cánacha agus dleachtanna a chinntiú, lena n-áirítear íocaíochtaí in am agus feabhas dírithe i rátaí comhlíontachta le haghaidh cásanna níos lú. • An córas nua Seirbhís Bainistíochta Fiachais a fheidhmiú, níos mó comhlíontachta in am agus cumas feabhsaithe aisghabhála fiachais a bhaint amach. • Oibriú leis an Roinn Airgeadais, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus Banc Ceannais na hÉireann chun cabhrú le tuar cruinn fáltas.
<p>Comhlíontacht Shaorálach a Chumasú Caidreamh a choinneáil le custaiméirí chun leibhéil arda comhlíontachta saorálaí a chur chun cinn</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cáiníocóirí agus gníomhairí a choinneáil ar an eolas ar bhealach tráthúil maidir leis na hathruithe don reachtaíocht agus do nósanna imeachta. • Seirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim ardchaighdeán agus thráthúil a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna agus fiosruithe teicniúla cánachais. • An Straitéis um Chaidreamh le Custaiméirí 2018–2020 a fheidhmiú agus Straitéis Cumarsáide Seachtraí nua do 2019–2021 a fhoilsiú dírithe ar an sineirge inár samhail seachdta seirbhíse a uasmhéadú agus ar chomhlíontacht shaorálach agus barr feabhais a chur ar rannpháirtíocht dhigiteach. • Feabhas a chur ar thuiscint cáiníocóirí ar a ndualgais agus a dteidlíochtaí. • Feidhmiú agus aistriú éifeachtach chuig an Nua-Aoisíú ÍMAT a chinntiú agus buntáistí a bhrú chun cinn le haghaidh fostóirí, fostaithe agus na Coimisinéirí Ioncaim.
<p>Dul i ngleic le Neamhchomhlíontacht Bainistíocht éifeachtach comhlíontachta agus idirghabhálacha</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cinntiú gurb éard is toradh do fhreagra na gCoimisinéirí Ioncaim ar iompar cáiníocóirí ná idirghabhálacha seasmhacha, cuí agus comhréireacha. • Barr feabhais a chur ar scála agus tionchar na n-idirghabhálacha cásanna de bhun rioscaí suntasacha cánach agus dleachta, lena n-áirítear imghabháil agus seachaint cánach. • Barr feabhais a chur ar úsáid anailísíochta, sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim, faisnéis tríú páirtí agus sonraí cuntais airgeadais a mhalartaítear go huathoibríoch d'fhonn díriú ar neamhchomhlíontacht agus ar í a chosc. • Clár nua idirghabhálacha randamacha a fheidhmiú. • Pleananna oibriúcháin cuí a fheidhmiú d'fhonn smuigleáil agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha gaolmhara eile a chomhrac ar bhonn cásbhainistíochta iomláine.
<p>Rialuithe Custam a fheidhmiú agus Trádáil Dhlísteanach a Éascú Oibriú leis an Rialtas agus le páirtneirí gnó agus idirnáisiúnta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • An polasaí agus cur chuige oibriúcháin aontaithe a bhainistiú agus a fheidhmiú chun tionchar an Bhreitheachta a íoslaghdú, lena n-áirítear for-rochtain le trádálaithe. • Straitéis shoiléir teicneolaíochta faisnéise agus gnó a sheachadadh chun comhlíontacht a chinntiú le riachtanais Chód Custaim an Aontais. • Córais teicneolaíochta faisnéise, struchtúir riaracháin agus tacaíochtaí eile a sholáthar le haghaidh gnóthas, go háirithe iad siúd atá i dteagmháil leis na Custaim den chéad uair. • Ár n-acmhainní éascaithe trádála agus ár n-ábaltacht agus cumas foriomlán Custam a mhéadú.
<p>Creat Polasaí Intíre agus Idirnáisiúnta Cur le forbairt agus feidhmiú tionscnamh náisiúnta agus idirnáisiúnta polasaí</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tacú leis an Roinn Airgeadais sa mheastóireacht agus forbairt leanúnach ar an gcreat polasaí cánach agus dleachta, lena n-áirítear aon athruithe don Cháin Maoine Áitiúil. • Tacú leis an Roinn Airgeadais i bhfeidhmiú Threochlár na hÉireann don Cháin Chorparáide. • Fianaise, staitisticí agus taighde a chur ar fáil le bheith mar bhonn eolais chun polasaithe a cheapadh. • Ionchur leanúnach a thabhairt d'fhorbairt an chreata polasaí idirnáisiúnta cánach agus dleachta ag an AE, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus an Eagraíocht Dhomhanda Custam (WCO).
<p>Cuntasacht agus Feidhmíocht Meastóireacht a dhéanamh agus a bheith cuntasach as ár bhfeidhmíocht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí na Príomhthorthaí, an Tuarascáil Bhliantúil agus éascú ar obair an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. • Ráiteas Straitéise nua do 2020–2022 a fhorbairt ina ndéantar achoimre ar ár misean, cuspóirí agus luachanna do na blianta amach romhainn.

	<ul style="list-style-type: none"> • Ár gcreataí oibre rialachais agus bainistíochta riosca a fheidhmiú agus comhlíontacht a chinntiú lenár bhfreagrachtaí dlíthiúla (lena n-áirítear cosaint sonraí, rúndacht cáiníocóirí, bainistíocht airgeadais agus Saoráil Faisnéise). • Cumas a mheadú le haghaidh meastóireacht straitéiseach, lena n-áirítear ár dtionchar ar iompar cáiníocóirí agus méadrachtaí eile a úsáid in éineacht leis an toradh cánach. • Miosúir feabhsaithe feidhmíochta a cheapadh agus a thuairisciú i ndáil lenár maoirsiú ar Lucht Ardioncaim.
<p>Cumas agus Struchtúir na gCoimisinéirí Ioncaim Úsáid acmhainní a uasmhéadú chun seirbhísí éifeachtúla a sheachadadh agus struchtúir na gCoimisinéirí Ioncaim a bheachtú chun barr feabhais a chur ar mheaitseáil an tsaineolais agus acmhainní le riosca</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ábaltacht dhigiteach agus teicneolaíochta faisnéise na gCoimisinéirí Ioncaim a fhás agus éifeachtúlacht a bhrú chun cinn. • Córas nua bainistíochta comhaid a thabhairt isteach ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim. • Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár struchtúr le cinntiú go bhfuil ár straitéis agus ár n-acmhainní ailínithe le riosca ar fud na sciartha éagsúla dár mbonn cásanna.
<p>Daoine Ábaltacht fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim a fhorbairt</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Straitéis Acmhainní Daonna na gCoimisinéirí Ioncaim a fheidhmiú le bheith mar an rogha fostóra, chun an fórsa saothair don am romhainn a thógáil, agus chun bainisteoirí a chothú, tacú leo agus meas a léiriú orthu mar cheannairí ar dhaoine. • Earcaíocht agus athoilúint a dhéanamh agus ábaltacht na foirne a fhorbairt. • Ár gCairt Rannpháirtíocht Fostaithe a fheidhmiú agus cinntiú go n-éistimid leis an bhfoireann, go gcuirimid ar an eolas iad, agus go gcothóimid a gcuid rannpháirtíochta.